3 1761 07839437 6

BX
2187
I7
M37
1911

# …eart Geataírí

Láiṁḃeartaċ McCionnaoiṫ, C.I.

do sgríoḃ.

Baile Áṫa Cliaṫ:
Oifig "An Timṫire."

1911

Pinginn a luaċ.

Beart

# beart ȝeataıRí

Láiṁḃeartaċ McCionaciṫ, C.I.

do sȝríoḃ.

baile áṫa cliaṫ:
oifiȝ "an timṫire."

1911

LIBRARY
4 AUG 1976
UNIVERSITY OF TORONTO

BX
2187
I7 M37
1911

Imprimi potest:

✠ GULIELMUS

*Archiep. Dublinen.*

*Hiberniæ Primas.*

*January*, 1911.

# EANAIR.

## Bliaḋain Nuaḋ Taḃartas ó Ḋia.

Taḃartar ó Ḋia is eaḋ gaċ bliaḋain nuaḋ dá dtugtar dúinn. Cuir i gcás go dtiubraḋ aṫair bronntanas éigin luaċṁar dá ṁac, ⁊ go mbeaḋ an mac ag déanaṁ droċ-úsáide de'n ḃronntanas san an dóiġ leat go dtiubraḋ a aṫair a ṫuilleaḋ dó? Is andóiċ go dtiubraḋ. Má's mian linn a ṫuilleaḋ bliaḋan nuaḋ d'ḟáġail, ⁊ raṫ ⁊ séan do ḃeiṫ orra ba ċóir dúinn maċtnaṁ do ḋéanaṁ ar an gcuma i n-ar ċaiṫeamar an ḃliaḋain atá tar éis imṫeaċt? Ar ṫuilleamar a ṫuilleaḋ acu d'ḟáġail? Má's rud é nár ṫuilleamar, ba ċóir dúinn aiṫreaċas fírinneaċ do ġlacaḋ i n-ár ngníoṁar-ṫaiḃ aiṁleasta, ⁊ sinn féin do ċur ar ár leas, ⁊ socruġaḋ i n-ár n-aigne ar cionnus ḋéanfaimís úsáid ṁaiṫ de'n aimsir, pé fada gairid í, a ḃeiḋ againn. Aċt tá cúis ṁaiṫ eile againn leis sin. Bíonn luṫġáir fá leiṫ ⁊ áṫas fá leiṫ um an dtaca so de'n ḃliaḋain ar an Eaglais go léir—ar an Eaglais ar an dtalaṁ ⁊ ar an Eaglais ar neaṁ, ⁊ ar Ċríost ceann na hEaglaise ċoṁ maiṫ ċéadna—mar ġeall ar ṫeaċt Ċríost ar an saoġal so do ḃeiṫ dá ḟolumnuġaḋ againn. Aoinne a ḃfuil aiteas ⁊ tógaint croiḋe tar barr air is gnáṫaċ leis breis féile ⁊ breis flaiṫeaṁlaċta ⁊ breis daondaċta do ḃeiṫ ann Ar an gcuma gcéadna ní dóiċiġe sgéal de ná go mbeiḋ urnaiġṫe na h-Eaglaise ar ár son ag dul i ndéine ⁊ i n-éifeaċt, ⁊ go neartuiġeann ar an eadarġuiḋe a ḃíonn ag Muire ⁊ ag na naoṁaiḃ dá déanaṁ ar ár son, ⁊ is é atá againn dá ḃarr, ná grásta Dé dá ndortaḋ anuas go frásaċ flúirseaċ orrainn. Is é ár mbuac gan faillíġe do ḋéanaṁ ionnta.

Is é aduḃairt an Fáiḋ Símeon ag teaċt ar Íosa ḋó "tá so ceapaiġṫe ċun diṫe agus ċun éiseiriġṫe d'a lán i n-Israel," ⁊ ní taise dá ġrástaiḃ. An t-é ná gaḃann leo is mó an doċar ná an tairḃe dó iad. Is contaḃartaċ an rud grásta Dé, fiaċ a fola naoṁṫa, do ċur fá ṁí-ṁeas.

# Feabra.

## An Teaġlaċ Naoṁṫa.

D'ḟan Íosa Críost úṁal dá ṁáṫair ar feaḋ deiċ mbliaḋna fiċead ċun a ċur i dtuigsint dúinn go ḃfuil uṁlaiḋeaċt agus urraim ag dul d'ár dtuismiġṫeóiriḃ. Is fiú do na daoiniḃ óga maċtnaṁ do ḋéanaṁ ar an sgéal so, aċt má 's eaḋ, is mó is fiú é dos na daoiniḃ a ḃfuil cúram cloinne orra, mar is iad is mó atá ciontaċ le h-easuṁlaiḋeaċt agus le droċ-iomċur a gcloinne. Tá sé de ṫrom-ḋualgas orra a gclann do ṫaḃairt suas i n-eagla Dé agus a ċur d'ḟiaċaiḃ orra aiṫeanta Dé do ċoimeád, agus má's ġáḋ é, smaċt do ċur orra mar ṁaiṫe leo. Aċt ar a ṡon son is ar éigin do ṁeasfá gur Críostaiḋṫe dáiríriḃ a lán acu, agus a ḃoige agus a neaṁṡuimeaṁlaċt atáid siad san ġnó so. Is lag leo na focail úd na Scrioptúire diaḋa, "an t-é ġráḋuiġeann a ṁac smaċtuiġeann sé go minic é," do ċur i ngníoṁ, aċt cead a gcos do ṫaḃairt dóiḃ agus gaċ aon tsaġas droċ-ġníoṁarṫa agus droċ-ċainte do leigean i n-aisge leo. Is beag, áṁṫaċ, dá ḃuiḋeaċas a ḃíonn orra, aċt a ṁalairt ar fad. Bíonn easurraim agus easonóir dá ḃarr acu, agus rud is measa ná soin tá aicme ag éiriġe suas anois ná fuil aon tsuim acu i gcóṁairle na ndaoine gcríonna, ná dá n-abrainn, i n-aiṫeantaiḃ Dé. Is iontuigṫe as an méid seo go ḃfuil sé de ṁór-ualaċ ar na daoiniḃ ar ṫug Dia clann dóiḃ, iad do ċoimeád fá smaċt agus fá ḟor-láṁas agus fíor-ċríostaiḋṫe do ḋéanaṁ ḋíoḃ le linn a n-óige. An faid agus ḃíonn an crann ag fás is féidir é do ċúḃaḋ agus do ċromaḋ, aċt nuair ḃíonn sé mór láidir ní féidir filleaḋ ná feacaḋ do ḃaint as. Sin í an ċeaċt a ṫug Dia do na daoiniḃ a ḃfuil muiriġean orra nuair ċuir Sé Naoṁ Iosep agus an Ṁaiġdean Ṁuire mar uaċtaránaiḃ ar a Ṁac dílis féin.

# MÁRTA.

## PÁDRAIG.

Ní ḟeadar an ḃfuil aon náisiún eile san doṁan a ḃfuil baint ċoṁ dlúṫ aige le naoṁ agus atá baint ag Éirinn le Naoṁ Pádraig. Ní ḟuil aon ainm baiste ċoṁ fóir-leiṫeadaṁail i nÉirinn le h-ainm Ṗádraig. Tá ioṁáġanna Ṗádraig le feicsint ins gaċ aon eaglais naċ mór. Is minic do na daoiniḃ agus do na sagartaiḃ ag tráċt air. Aċt i na ḋiaiḋ sin agus eile ní móide go ḃfuil puinn gráḋa i gcroiḋṫiḃ na ndaoine ḋó. Cad é mar obair dúinn é seo? Dá mba rud é go mbéaḋ an creideaṁ ag dul i n-éag i n-ár mearg ní ċuirfeaḋ an sgéal so an oiread san iongnaḋ orm aċt tá gráḋ agus caoin-dúṫraċt againn dá lán naoṁ eile. Is mór an náire agus an aiṫis dúinn an faillíġe seo. Gaċ a ḃfuil de ṁaiṫeas ionainn, gaċ aoinní ar féidir dúinn maoiḋeaṁ as, is ar Ṗádraig, fé ḃun Dé agus a ṁáṫar naomṫa, is cóir a ḃuiḋeaċas do ḃeiṫ. Is é fá ndeara dúinn ḃeiṫ i n-ár gcríostaiḋṫiḃ. Is é a ċaiṫ a ṡaoġal ag tairsteal na tíre d'iarraiḋ sinn do ṫaḃairt isteaċ i gcró na h-eaglaise agus ag cur a ġuiḋe go dian dúṫraċtaċ i láṫair Dé ar ár son. Ar Ṗádraig is eaḋ do ċuir ar seaċt sinnsir a gcoimirce i lá an éigeantais agus níor ċaill sé riaṁ orra. Tá sé ar na naoṁaiḃ is mó gradam agus is mó coṁaċt dá ḃfuil i láṫair Dé indiu. Dá ḃríġ sin is náireaċ an obair dúinn faillíġe do ḋéanaṁ i n-ár naoṁ ḋúṫċais féin. Ba ċóir dúinn muiníġin mór a ḃeiṫ againn as coitċeannta, agus ár n-aṫċuinġiḋeaċa do ċur suas ċuige, ní h-aṁáin lá ḟéile Ṗádraig aċt ó ċeann ceann na bliaḋna ċoṁ maiṫ.

# Pádraig agus Benín.

Lá áiriṫe do ċonnactas long ag gluaiseaċt ó ṫuaiḋ fá lán seol ag coimeád i gcoṁgar na tráġa. Long Ṗádraig do b' eaḋ í. Do ḃí socair aige dul i dtír i dtuaisceart na h-Éireann toisg gur b' í an dúṫaiġ í ba ṁó a raiḃ eolus aige uirri—mar ċaiṫ sé tréiṁse i na ḃraiġe ann—agus i na ṫeannta son do ḃí Teaṁair, áit ċoṁnuiḋṫe an Árd-Ríoġ aṫċomair dó. An méid aimsire ná ḃíoḋ Pádraig ag déanaṁ a ċroiḋe ḋíċeall ḋá iarraiḋ ar Ḋia raṫ do ċur ar a obair is aṁlaiḋ ḃíoḋ sé ar bórd na luinge i gcuideaċtain a luċt leanaṁna ag déanaṁ iongnaḋ d'áilneaċt na tíre agus ag cur síos ar ḋeaġ-ṫréiṫiḃ na ndaoine. Is ar éigean ḃí Inis Ṗádraig curṫa ḋé aige nuair ṫug sé fá ndeara faiṫċe ḃreáġ ḟairsing ḟéaraċ láiṁ leis an dtráiġ agus tiġ mór i lár na faiṫċe. Tiġ breáġ cúmṫa córaċ clúṫṁar do b'eaḋ é, ċoṁ geal le sneaċta, agus an ġrian ag taiṫneaṁ go subáilceaċ air, agus lios árd mór-ṫimċeall air. Os coṁair an tiġe amaċ do ḃí garra fear bailiġṫe le ċéile agus iad ag bearṫuġaḋ a gclaiḋeaṁ, agus ag liuġraiġ go h-árd, mar ḃeidís ag argóint agus ag aḃcóideaċt lé ċéile. Níor ḃ'iongnaḋ son dóiḃ, mar ḃí draoi an ríoġ tar éis iad do spriocaḋ ċun na luinge a ḃí ag dul ṫart do ḃáiḋeaḋ, agus na sagairt a ḃí innti do ċur ċun báis.

Nuair ċonnaic Pádraig iad is aṁlaiḋ do stad sé an long, agus do ċuaiḋ sé síos i mbád ḃeag a ḃí ag gluaiseaċt i ndiaiḋ na luinge, agus ṫug sé aġaiḋ ar an dtráiġ agus gan i gcuideaċtain leis aċt beirt dá ċléir.

Do ḃí Pádraig fá'n am san trí bliaḋna agus dá ḟiċid d'aois. Giḋ ná raiḃ air aċt sean-éadaċ manaiġ ag sileaḋ síos go talaṁ leis, agus coċall anuas ar a ḟlinneánaiḃ, ḃí sé ríoġḋa moḋṁaraċ i na ċruṫ agus i na ṗearsain. Do ṫuig-

feá ar an gcéad aṁarc a ṫiuḃrfá air gur ḃ' ḟear ṫar ḟearaiḃ é, agus gurḃ' ḟear éagsaṁlaċ neaṁ-ċoitċeannta a ḃí ann. Do ḃí ceannaiġṫe daṫaṁla uaiḃreaċa aige agus dá ṡúil ṡéiṁ ċaoin aiḃiḋ ċarṫannaċ aige, agus do ḃíoḋ faoḃar orra ar uairiḃ i dtreó ná féadfá gan géilleaḋ ḋó.

Nuair ċonnaic Sescnenn—b' ṡin é ainm fir an tiġe—ná raiḃ aon deallraṁ cogaiḋ ná droċ-ḟuadar ar ḟearaiḃ an ḃáid, is aṁlaiḋ do ḃuail sé anall ċúċa agus do ḃeannuiġ sé ḋóiḃ go fáilteaċ. As Gaeḋilg ḃinn ḃlasda d'ḟreagair Pádraig é, dá ċur féin i n-iúl dó, agus gan puinn moille do ṫarraing sé ċuige an gnó a ṫug ann é. Do ṫug Sescnenn an naoṁ leis go dtí a ṫiġ ċun tuilleaḋ cainte do ḃaint as. Annsoin do ċaiṫeadar an lá go léir ag cur agus ag cúiteaṁ i dtaoiḃ an ċreidiṁ. Do ċuaiḋ caint Ṗádraig i ḃfeiḋm ċoṁ daingean son ar aigne an ríoġ gur ḃ'ḟada leis go nglacfaḋ sé an creideaṁ. An oiḋċe sin níor ċodail Pádraig néal aċt ḃeiṫ ag urnaiġe go dúṫraċtaċ ċun Dé ar son líntiġe an ríoġ. I mbáraċ a ḃí ċúġainn ḃí muintir an ríoġ cruinniġṫe le céile i ḃfiaḋnaise Ṗádraig, agus do luiġ sé isteaċ san obair arís ag taḃairt eoluis an ċreidiṁ ḋóiḃ go fuinneaṁail éifeaċtaṁail, ag míniuġaḋ na rúindiaṁra, ag taṫaint orra diúltuġaḋ dá ndéiṫiḃ bréagaċa, agus gaḃáil leis an ḃfíor-ċreideaṁ. Ní raiḃ aon teora leo ċun ceistiúċáin, agus do b'éigean do Ṗádraig an uile ċeist do réiḋteaċ. Do ċaḃruiġ Rí na ḃfeart leis i n-a ṡaoṫar, agus do ḋein sé fíor-ċríostaiḋṫe ḋíoḃ go léir, idir ḟearaiḃ agus mnáiḃ, idir daoiniḃ óga agus daoiniḃ aosta idir daoiniḃ saoire agus braiġdiḃ.

Tar éis na h-oibre sin do ċur de do ḋruid Pádraig i leaṫtaoiḃ agus do ṡuiḋ sé síos ar ṫúrtóig ṁín ḟéaraiġ ċun a ṡaltraċ do léiġeaṁ, mar ba ġnáṫ leis. Aċt ḃí sé tuirseaċ tnáiṫte traoċta, agus ó ṡeoṫó na leoiṫne trid an duilleaḃar agus ó ṡoġar na mbeaċ i measg na mbláṫ níor ḃ' ḟada ḋó gur ṫuit sé i na ṡáṁ-ċodlaḋ.

Le linn dó ḃeiṫ i na ċodlaḋ do ráinig go raiḃ mac don ríġ ag gaḃáil ṫart agus do ċonnaic sé é. Benín ab ainm dó. Garsún míoċair mánla séiṁ siuḃálceaċ gráḋṁar dó beaḋ é, a raiḃ cion agus ionṁuin ag an uile ḋuine dó. Ḃí an oiread aoiḃnis agus gealġáire agus ionnracais ag taiṫneaṁ i n-a ċeannaiġṫiḃ go gcuirdís na fir cogaiḋ pé droċ-ḃeart a ḃíoḋ dá ċeapaḋ acu uaṫa nuair ċídís ċúċa é, aċt mar sin féin ba ṁór acu é d'ḟeicsint i na measg. D'ḟeárrde gaċ cuideaċta é do ḃeiṫ ann.

Do ṫug Benín fá ndeara scáil solais timċeall ar ċeann an naoiṁ mar ḃeaḋ aingil na bflaiṫeas ag faire air. Dá ḟaid agus dá ġéire ḟéaċ sé air is aṁlaiḋ is mó ṫainig áṫas agus sólás agus sásaṁ aigne air, i dtreo gur ċéap sé go raiḃ a ċroiḋe ag imṫeaċt as a ċliaḃ amaċ ċuige le neart ionṁuine agus gráḋa dó. Is é an rud a ḋein sé ná lán a baclan de ḃláṫannaiḃ cúṁra agus de luiḃeanaċaiḃ ioldaṫaċa—airgead beo agus cnó an ṗréaċáin agus dreimire Ṁuire agus péaċan—do ṗiocaḋ. Annsoin do ḋruid sé go foluiġṫeaċ leis an naoṁ ar eagla go ndúiseoċaḋ sé é, agus do scaip sé na bláṫanna go h-aicillíḋe air go dtí ná raiḃ pioc dá ċuid éadaiġ a ḃeag nó a ṁór gan brat breaġ cúṁra mar ḃeaḋ éide aifrinn air. D'ḟan sé mar sin taoḃ le Pádraig gan cor do ċur dé ag faire go h-aireaċ air. Tar éis tamaill do ṫáinig Sescnenn ar lorg a ṁic mar ḃí gnó éigin aige ḋé. Nuair ċonnaic sé Benín agus an obair a ḃí déanta aige d'éiriġ sé par beag ar buile ċuige, agus do ċrom sé ar aiġnear leis. "Ba ċóir," ar seisean, "go mbeaḋ níos mó céille agat agus gan ḃeiṫ ag cur isteaċ ar an ḃfear naoṁṫa son agus a ḋéine a ḃí sé ag obair ar feaḋ an lae. Naċ é is luġa is gann dúinn uain do ṫaḃairt dó ċun a sgíṫ do leigint agus é tar éis ḃeiṫ ag obair fan an lae dár dteagasg agus dár múineaḋ."

Le linn na bfocal son do ráḋ dó do ḋúisig Pádraig as a ṡuan agus d'éiriġ sé i na ṡuiḋe agus dubairt "ná bac é a

Rí." Ba ṁaiṫ uaiḋ an obair seo atá déanta aige do ḋéanaṁ. Le neart gráḋa agus deaġ-ṁéine do ḋein sé é. Ba ṁaiṫ an ṁaise aige é. Tá Dia tar éis a ḟoillsiġṫe ḋom go mbeiḋ ainm an óġánaiġ seo i n-áirde i n-eaglais Dé le naoṁṫaċt agus le cuṁaċt, agus go bḟuil sé i n-áiriġṫe ḋó beiṫ mar oiḋre ḋom i bpríoṁ-ċaṫair na h-Éireann.

Ins an scéal so tá cúis maċtnaiṁ againn, agus b'ḟiú ḋúinn é do ḃualaḋ isteaċ go daingean i n-ár n-aigne. An t-é ṫugann gráḋ do Ṗádraig tugann Dia gráḋ ḋó. Ḃ'sin é an uḋalta ag Benín. Tar ċeann an ġráḋa agus na h-urraime ṫug sé do Ṗádraig is eaḋ do ċuir Dia i n-áiriġṫe ḋó cumas agus ceannas do ḃeiṫ aige ins an eaglais. Mar an gcéadna má ṫugaimíd-ne do Ṗádraig an onóir is dual ḋó, má ḃíonn ár seasaṁ air, má ġuiḋmid ċuige i ngaċ cruaḋ-ċás ní baoġal ná go dtiuḃraiḋ sé cluas ḋúinn, mar ní cuid ba luġa ná a ḟonn a ḃeaḋ air sinne, a ċlann féin, do ċur ar leas ár n-anama agus do ḃailiúġaḋ isteaċ i ḃflaiṫeasaiḃ Dé.



# Abrán.

## An Ṗáis Ḃeannuiġṫe.

Is dóċa gur cuiṁin linn go léir an criṫ-talṁan uaṫḃárac son a ċuir deireaḋ le Merína tá tamall ó ċoin. I n-am ṁairḃ na h-oiḋċe do ṫuit na tiġṫe ar a ċéile le neart an ċreaṫa, ag brúġaḋ ⁊ ag múċaḋ na mílte daoine a ḃí i n-a sáṁ-ċodlaḋ. Na daoine a ṫáinig slán ó'n mbrúġaḋ do loisgeaḋ i n-a mbeaṫaiḋ iad leis na lasraċaiḃ a ḃlaḋm amaċ as an dtalaṁ, ⁊ do báiḋeaḋ an ċuid eile acú insna tonntaċaiḃ neaṁ-ċuiḃearaċa a riṫ isteaċ ó'n ḃfairrge. Dá ṫruaiġ-ṁéiliġe é an sgéal so, b'ḟéidir gur luġa an toċt ⁊ an fásgaḋ ċroiḋe a ṫáinig orainn-ne mar ġeall air, ná mar ṫiocfaḋ orainn dá ḃfeicfimís lé n-ár súiliḃ féin aon ḟear aṁáin ar leabaiḋ a ḃáis. An ḃuaiḋirt aigne is géire nó an céasaḋ cuirp is déine dá ḃfuair aoinne riaṁ—aċt é do ṫuitim amaċ i n-áit éigin imigcéineaṁail nó i ḃfad insna ciantaiḃ—ní mór is cás linn é. Má's mar sin atá an sgéal cad ċuige a gcuireann an Eaglais orrainn maċtnaṁ do ḋéanaṁ ar Ṗáis Íosa Críost ⁊ na céadta bliaḋan do ḃeiṫ caiṫte ó fuair Sé bás i ḃfad uainn i bPalestín. Tá de ḃuaiḋ ag an bPáis dul go daingean i ḃfeiḋm orrainn, aċt ní foláir dúinn grásta Dé do ḃeiṫ againn ċuige sin, dár ḃfuasgailt ó'n uile ain-ṁéin ⁊ ó'n uile ḋroċ-nós, dár líonaḋ le gráḋ d'Íosa Críost, dár spriocaḋ ċun an uile ḟaġair subáilce ⁊ deaġ-oibre do ċleaċtaḋ i ndíol ar ḋein ⁊ ar ḟulaing Sé ar ár son. Ċun na ngrást luaċṁar so d'ḟáġail is eaḋ do ġearr an Eaglais an Cairrġeas amaċ dúinn. Dá ḋúṫraċtaiġe ḋéanfaimíd trosgaḋ ⁊ déirce ⁊ urnaiġṫe, ar feaḋ an Ċairrġis, ag cur srian le n-ár méin ar son Dé, is eaḋ is flúirsiġe ṫiubraiḋ Sé ḋúinn comġol do ḋéanaṁ le h-Íosa Críost i n-a Ṗáis, ⁊ gaċ aon taḃartar neaṁḋa eile ċun sinn do ṡeólaḋ go h-aoiḃneas na ḃflaiṫeas.

# An Bealtaine.

## Bainríoġain na bḟlaiṫeas.

Nuair bíonn árd-áṫair ar ríġ mór-ṫréiṫeaċ, cuir i gcás é do ṫeaċt slán ó ḃreoiḋteaċt ċontaḃartaiġ nó a naiṁde do ḃeiṫ treasgarṫa aige nó oiġre óg do ḃeiṫ ag a ṁnaoi bíonn áṫas ar ṁuinntir na ríoġaċta, agus ċun an áṫais sin do ċur i n-iúl dó cuireann siad taḃarṫaistí ag triall air. Ní mar a ċéile, áṁṫaċ, na taḃarṫaistí go léir. An ceanntar i na mbíonn cloċa luaċṁara dá mbaint as an dtalaṁ is seod éigin neaṁ-ċoitċeannta cuirtear mar ḃronntanas ċuige. An ceanntar a ḃfuil a ainm i n-áirde le feaḃas an ḟíona deintear ann, is é toġa ⁊ roġa an ḟíona tugtar dó. An ċaṫair a ḃfuil a ceárduiḋṫe oillte ar órnáidiḃ do ġearraḋ ar áṫraċaiḃ óir ⁊ airgid, is áṫraċ éigin an-ġreannta an-ċeárdaṁail ḃronnann sí air, ⁊ mar sin dóiḃ go léir. Is é Mí na Maiġdine Muire atá againn anois. Ar feaḋ an ṁí seo bíonn breis onóra ḋá taḃairt do bainríoġain na ḃFlaiṫeas ag gaċ náisiún sa doṁan, aċt is 'mó cuma 'na dtugtar an onóir seo ḋí, ⁊ ní ar an gcuma gcéadna ṫugann muinntir aon dá náisiún onóir ⁊ urraim dí. Cé an taḃarṫas ba ṁó d' oirfeaḋ d' Éirinn do ṫaḃairt dí? Ní deaċair a ḟreagraḋ. An Paidrín Páirteaċ do ráḋ ins gaċ teaġlaċ níos dúṫraċtaiġe ná riaṁ, nó má's rud é go ḃfuil sé leigṫe ar ceal ag aoinne, é do ċur ar siuḃal arís agus gan cur suas de go deo arís. Sin é an taḃarṫas is gnáṫ le Muire do ġlacaḋ ó Éirinn leis na céadtaiḃ bliaḋan, ⁊ is é an taḃarṫas é go ḃfuil súil aici leis fós uainn. Dá mba i n-am a gcruaḋċáis féin dóiḃ é, níor ḋein ár sinnsear faillíġe san deaġ-nós so, ⁊ níḋ naċ iongnaḋ do ḃí sé de ġrástaiḃ ó Ḋia acu leanaṁaint go dlúṫ dílis de'n ċreideaṁ. Táid siad anois i n-aoiḃneas na ḃFlaiṫeas ⁊ a gcreideaṁ fágṫa 'na ndiaiḋ acu mar oiġreaċt dúinn-ne. Má leanamuíd de'n Ṗaidrín Ṗáirteaċ ní baoġal go gcaillfiḋ Muire orainn aċt ċom beag ⁊ ċaill sí orra-son.

# Meiṫeaṁ.

## Droċ-Litriḋeaċt.

Ní h-é an rud is mó ṫaiṫniġeann leis an gcorp an rud is mó ṫéiḋeann ċun socair dó i gcoṁnuiḋe. Ní h-é an biaḋ deaġ-ḃlasta milis uaireanuta an biaḋ ḃíonn slán folláin. Is 'mó biaḋ marḃuiġṫeaċ atá ċoṁ milis le mil. Is 'mó deoċ a ṫaiṫneoċaḋ leat le linn tu do ḃeiṫ ḋá h-ól, agus a ċuirfeaḋ pianta uaṫḃásaċa ort cúpla neomat i na ḋiaiḋ sin. Tá sagas claonaḋ nadúrṫa ag na h-ainṁiḋṫiḃ ċun iad do ċoimeád gan baint le na leiṫéiḋiḃ de rudaiḃ contaḃarṫaċa, aċt ní ḟuil ag an nduine aċt a eolus agus a inntinn, agus mura ndeineann sé úsáid ṁaiṫ de'n eolus agus de'n inntinn sin beiḋ an sgéal go h-olc aige. Is aṁlaiḋ atá an sgéal ag an gcorp agus ní taise do'n anam. Tá niṁ anama ann ċoṁ maiṫ agus tá niṁ ċuirp ann, agus is minic ċuireann an niṁ sin moṫuġaḋ éigin d'aoiḃneas agus de ṫaiṫneaṁ fá ċroiḋe an duine le linn báis ḟiorraiḋe d'imirt air Aċt is ait an aicme sinn. Ní ḟuil aon treo aċt a ċúramaiġe seaċainimíd aoinní ba ḋóiġ linn do ḋéanfaḋ díoġḃáil d'ár gcorp, agus a ḃoige ċuirimíd ċúġainn na rudaí is contaḃarṫaiġe d'ár n-anam. Tugann a lán againn toġa an aireaċais gan blúire niṁe nó biḋ ṁí-ḟolláin d'iṫe, aċt maidir le biaḋ na h-anama is cuma linn olc nó maiṫ é aċt pléisiúr do ḃaint as. Is luaċṁaire ar fad ár n-anam ná ár gcorp, agus dá réir sin ní ḟuil i ndíoġḃáil sláinte ná dá n-aḃrainn, san mbás féin, aċt neaṁniḋ seaċas pé díoġḃáil, dá laiġead é, a ḋéanfaí ar an anam. Tá a ḟios againn go léir an méid sin aċt má tá ní ḋeinimíd beart dá réir. Má's mian le duine deiṁin a ḟúl féin do ḃeiṫ aige ar an sgéal ní ḟuil aige aċt féaċaint do ṫaḃairt ar an litriḋeaċt atá ḋá taḃairt isteaċ ċúġainn gaċ lá ó Ṡasana.

Ní ceart iomláine an ṁilleáin do ċur ar na Sasanaċaiḃ. Muna mbeaḋ go ḃfuil éileaṁ maiṫ i nÉirinn ar a leiṫéid de leaḃraiḃ ní ḃeidís dá gcur ag triall orainn. Tá dá ṡaġas droċ-litriḋeaċta ann, mar atá litriḋeaċt mí-ġeanmnaiḋe agus litriḋeaċt a ṫugann foġa fá'n gcreideaṁ. An t-é a léiġeann an leaḃar salaċ mí-ġeanmnaiḋe bíonn a ḟios aige go maiṫ go ḃfuil peaca aige dá ḋéanaṁ. Ní ċumann sé aon leaṫ-sgéal. Ní mar sin, aṁṫaċ, dó'n t-é a léiġeann an leaḃar mí-ċreidṁeaċ. Is é adeireann sé ar uairiḃ ná go ḃfuil an creideaṁ préaṁuiġṫe ċoṁ daingean son i na ċroiḋe agus i na aigne ná fuil aon eagla air roiṁ a leiṫéid de leaḃraiḃ. Uaireannta eile is é adeireann sé gur leaṁ an rud leis dallaḋ-ṁullóg do ḃeiṫ ar a ṡúiliḃ aige; má's rud é go ḃfuil fírinne le caint na ndaoine mí-ċreideaṁaċ naċ beag leis a luaiṫe ṫréigfiḋ sé an eaglais, agus má's rud é go ḃfuil éiṫeaċ dá ċur i leiṫ na heaglaise naċ baoġal ná go ḃfeicfiḋ sé an feall, agus gur láidre-de ḃeiḋ a ċreideaṁ an feall d'ḟeicsint; naċ fuláir nó gur suaraċ an rud an creideaṁ muna ḃféadann sé seasaṁ i gcoinniḃ cainte a náiṁde. An t-é a ṫugann an ċaint sin uaiḋ ní ḟuil pioc eoluis aige ar cad is creideaṁ ann, ná ar cad a ḃaineann leis.

Is é a ċuir Dia roimis ná go dtiúḃramaois onóir Dó ní h-aṁáin le n-ár dtoil aċt le n-ár n-innteaċt. Ar an aḋḃar son do ḟoillsiġ Sé ḋúinn tré Íosa Críost agus tré a Eaglais a lán rúin-diaṁara—rudaí dorċa doṫuigse, agus d'órduiġ Sé ḋúinn iad do ċreideaṁaint. Tá deiṁin láidir daingean againn gur ḟoillsiġ Sé ḋúinn iad, aċt tá deiṁin agus deiṁin ann. Tá deiṁin ann naċ féidir linn cur i na h-aġaiḋ, cuir i gcás an deiṁin atá againn i ngaċ a mbaineaun leis an áireaṁ. "A dó agus a dó sin a ceaṫair." Ní féidir linn é sin do ṡéanaḋ. Pé olc maiṫ linn é ní foláir dúinn géilleaḋ ḋó. Aċt ní ḟuil a leiṫéid sin de ḋeiṁin againn gur ḟoillsiġ Dia an creideaṁ. Dá mbeaḋ an creideaṁ ċoṁ gléineaċ son

os comair ár n-aigne ní ḃeaḋ aon ġáḃaḋ le h-órduġaḋ ḋúinn glacaḋ leis; níor ḃ' ḟéidir linn agus ár ndíċeall do ḋéanaṁ gan glacaḋ leis, agus ní luġa ná ḃeaḋ aon díoluiġeaċt ag dul ḋúinn dá ḃarr. Do ḃeaḋ gaċ aoinne i na ċatoiliceaċ agus gan buiḋeaċas dó. Sin é an cúis nár ċuir Dia an creideaṁ ċoṁ soiléir sin ar ár súiliḃ. Ní ḟágann soin áṁṫaċ ná go ḃfuil deiṁin daingean againn gur ḟoillsiġ Sé ḋúinn é. Deiṁin go dtugtar "moral certainty" uirri is eaḋ an deiṁin atá againn air. Ní ḟuil a ṁalairt de ḋeiṁin le fáġail againn i ḃfurmór ġnóṫaiḃ an tsaoġail seo. Ní beag linn an deiṁin sin ċun an ġnóṫa is mó táḋḃaċt agus is mó bríġ do ċur i ḃfeiḋm. Tá roinnt dorċadais mear-gaiġṫe tríṫe, aċt d'aiṁḋeoin an dorċadais ní ḟuil aon tsliġe d'aon aṁras aċt d'aṁras amaideaċ díċéilliḋe. Ní ḟuil aon ṗioc dá ṁearḃall orainn ná gur ḟoillsiġ Dia an creideaṁ dúinn. Tá ár n-aigne ċoṁ socair air agus dá n-airiġmís Dia dá ḟoillsiuġaḋ ḋúinn.

Aċt seo ceist, má's mar sin atá an sgéal, cad ċuige ar féidir le catoiliceaċ an creideaṁ do ċailleaṁaint? Cad ċuige a ḃfuil daoine ar an dtaoḃ amuiġ den eaglais— daoine go ḃfuil fonn orra an ḟírinne d'ḟáġail amaċ agus ná tagann suas léi.

San ċéad áit na h-eiriceadaiġ agus na páganaiġ agus na daoine a tógaḋ gan aon tsaġas creidiṁ bíonn a lán gráḋa acu do ċreideaṁ agus do ḃésaiḃ a sinnsir, agus a lán fuaṫa agus gráine acu, ó ṫusaċ a n-óige do'n ḃfíor-ċreideaṁ. Cuireann an fuaṫ agus an ġráin seo bun ós cionn iad le breiṫniuġaḋ ceart do ḋéanaṁ ar an eaglais. Is daingean a ṫéiḋeann an oileaṁaint i ḃfeiḋm ar aigne an duine. Féaċ ar Éirinn indiu. Bíonn clann na nGaeḋeal i na nGaeḋealaiḃ, agus bíonn clann na nGall i na nGallaiḃ, agus leanann gaċ taoḃ acu dá ṫaoḃ féin de'n sgéal.

San tarna h-áit na daoine ná fuil aon ḃeann acu ar aon tsaġas creidiṁ tá cúis eile a ċoimeádann amaċ ó'n eaglais

iad. Cuireann an eaglais d'ḟiaċaiḃ ar a cloinn srian do ċur le na ndroiċṁiantaiḃ. Tá dliġe na hEaglaise bun ós cionn le h-ainṁiantaiḃ an duine. An rud naċ mian le duine do ċreideaṁaint is deacair é do ċur siar air. Tá dallaċán aigne ann ċoṁ maiṫ le dallaċán súl, agus is í an toil a ḋeineann an dallaċán aigne. Ní beag de ċoṁarṫa ar an méid sin na cúiseanna ḃíonn dá bpléiḋ ins an ċúirt gaċ lá. Ḃíonn duine ag éileaṁ sealḃa ar rud éigin agus duine eile dá ráḋ gur leis féin é, agus ní h-áiteoċaḋ an saoġal ar aon taoḃ acu gurab ag an ḃfear eile ḃeaḋ an ceart. Ar an dtaoḃ eile de'n scéal nuair ṁeasann duine gurab é a leas rud éigin do ċreideaṁaint ní ḟuil aon treo aċt a ḃoige a ċreideann sé é.

Is minic ċímíd soluíd air sin. Nuair ḃíonn gráḋ ag fear óg protestúntaċ do ċailín ċatoiliceaċ is fuirirste a áitiuġaḋ air gurab í an Eaglais Ċatoiliceaċ an fíor-eaglais. Ní h-ionann soin agus a ráḋ gur cuma leis ce' acu fírinneaċ nó bréagaċ an Eaglais Ċatoiliceaċ aċt go ḃfaġaḋ sé an cailín le pósaḋ. Is minic ċreideann sé lom dáiríriḃ, agus tar éis a ḃaiste do b'ḟearr leis scaraṁaint le h-ór an domain nó leis an gcailín féin ná scaraṁaint leis an gcreideaṁ. Aċt is annaṁ ṫagann an tairḃe saoġalta agus creideaṁ isteaċ le na céile. Ḃíonn siad bun os cionn le na céile de ġnáṫ. Daoine fánaċa fada ó ċéile is eaḋ na daoine a ḃfuil an oiread san dúile sa ḃfírinne acu go ḃfuilid ollaṁ ar a n-ain-ṁiantaiḃ agus a neaṁ-spleaḋaċas aigne do ḃruġaḋ fúṫa le h-ionċas eóluis d'ḟáġail ar an ḃfírinne.

Tá daoine eile ann—daoine a rugaḋ agus a tógaḋ i gcró na h-Eaglaise agus cuirid siad suas den ċreideaṁ. Is é an port céadna a ḃíonn acu go léir. Deirid siad go raiḃ an Eaglais dá mbréagaḋ, agus ag cur an duiḃ i n-a ġeal orra; aċt go ḃfuil fios bunaḋas ar an scéal anois acu i dtaoḃ na h-Eaglaise; gur ḋeineadar a lán

maċtnaiṁ agus a lán foġluim agus gurab é toraḋ a maċt-naiṁ agus a ḃfoġluim gan aon éifeaċt ná bunaḋas do ḃeiṫ le teagasg na h-Eaglaise; ná tagann caint na h-Eaglaise agus caint na ndaoine ḃfoġlumṫa isteaċ le na ċéile; agus mar sin dóiḃ.

Is minic na bíonn san ċaint seo aċt sgaoṫaireaċt agus blaḋmann. Is maiṫ le na lán daoine óga ainm mí-ċreidiṁ do ḃeiṫ amuiġ orra. Coṁarṫa géir-innteaċta agus neaṁ-spleaḋaċais dar leo is eaḋ é.

Aċt fóirior tá daoine orra a ḃfuil an creideaṁ caillte dáiríriḃ acu, agus mo ṫruáġ-sa iad. Pé cúis atá leis an dtubaist atá orra, ní h-é an géar-ċúis ná an ġéar-innt-leaċt fá ndeár é. Ceann-ċipíní críoċnuiġṫe is eaḋ a lán acu. Ní ar méid ná ar laiġeaḋ géar-ċúise ná léiġinn atá an creideaṁ ag braṫ. Dá mb'eaḋ, do b'olc an sgéal ag an ḃfear mboċt agus ag an ḃfear gan léiġeann é. Tá na céadta daoine ní h-aṁáin daoine aineolgasaċa aċt daoine foġlumṫa ag teaċt isteaċ san Eaglais gaċ lá. Tá daoine orra ná fuil a sásuġaḋ le ḟáġail le géire innteaċta agus le h-éirim aigne agus le méid eoluis agus le doiṁneas maċtnaiṁ. Rud eile ḋé. Taoḃ istiġ de'n Eaglais tá daoine ċoṁ géar innteaċt ċoṁ mór tuigsint le các, daoine a ḃfuil de ċeangal orra gaċ a sgríoḃann easċáirde na h-Eaglaise do léiġeaṁ agus do ṁion-sgrúduġaḋ agus ní ḋeineann an léiġeann ná an sgrúduġaḋ pioċ díoġḃála dá gcreideaṁ. Catoilicíġ is eaḋ cuid des na daoiniḃ is mó cáil ar an ealaḋain agus ar an eolus agus ní ċoisgeann an t-eolus go léir agus an ealaḋa go léir orra creideaṁ láidir daingean simpliḋe do ḃeiṫ acu. Is é tuigtear ar a nduḃras nuair ċaillteaR an creideaṁ naċ cúrsaí tuigsiona ná neaṁ-ṫuigsiona i n-aon ċor é, aċt cúrsaí croiḋe agus beaṫaḋ.

Na daoine a ċailleann an creideaṁ is aṁlaiḋ bíonn siad tugṫa do ṗeacaiḃ éigin, go mór-ṁór do ḋrúis agus do ṁí-

ġeanmnaiḋeaċt, agus is é an cuma i na gcúitiġeann Dia a ndroċ-ġníoṁarṫa leo ná a naoṁ-ġrásta do ḋiúltuġaḋ ḋóiḃ agus leigint do gaċ aon tsaġas amrais agus mearḃail teaċt orra i dtaoḃ an ċreidiṁ.

Tá cuid eile acu, agus bḟéidir ná fuil puinn peacaí de'n tsaġas son le cur ina leiṫ, aċt bíonn uaḃar agus easuṁluiḋeaċt aigne ag imirt orra. Ní maiṫ leo smaċt do ḃeiṫ ag aoinne orra. Do b'ḟearr leo a dtuairim féin do ḃeiṫ acu ná géilleaḋ d' aoinne. Ní deirim ná gur luġa ar Ḋia an ṁí-ġeanmnaiḋeaċt féin ná an easuṁluiġeaċt ġránna so. Ní beag do ḋuine an peacaḋ so ċun feirge Dé do ṫarrang air féin agus is é an cuma i na n-imreann Sé a ḟearg air ná é d'ḟágaint ag braṫ ar a ġustal féin agus ar a neart féin agus ar a eirim aigne féin, agus is suaraċ an taca aige iad.

Tuigtear anois gur 'mó rud a ġearrann an peacaċ amaċ ón gcreideaṁ agus a ṁilleann an ċreideaṁ. Ní ḟéadfaimís trí n-ár n-éirim aigne féin teaċt suas leis, nó dá mba rud é go mbeaḋ sé againn ċeana féin, ní ḟéadfaimís é do ċoimeád slán. Ní mór dúinn grásta Dé do ḃeiṫ againn ċuiġe sin. Ní baoġal go ndiúltoċaiḋ Sé ḋúinn é má iarraimíd air é. Aċt is amaideaċ díċéilliḋe contaḃarṫaċ an rud ḃeiṫ ag léiġeaṁ droċ-leaḃar agus ḃeiṫ ar ṁullaċ ar gcinn san drúis agus ins na droiċ-ġníoṁarṫaiḃ, agus san am gcéadna ḃeiṫ ag braṫ air go ḃfágfaiḋ Dia againn an bronntanas is mó dá ḃfuil aige le bronnaḋ orainn.

# Iul.

## Laeṫeanta Saoire.

---

Um an dtaca so de'n ḃliaḋain bíonn a lán daoine ag tabairt agaiḋ ar an dtuaiṫ nó ar an gcalaḋ. Is maiṫ ḋeineann siad agus a sgiṫ do leigint tar éis a mbíonn de ḟaoṫar curṫa ḋíoḃ acu i riṫ na bliaḋna, agus suaircear agus soġa do ḃaint as an soinninn. Seo cúis de na cúiseannaiḃ gur ċuir Rí na nDúil brotal san uain agus brat úr-ġlas cúṁra ar na bántaiḃ agus leoiṫne breaġa fionn-ḟuara gaoiṫe ag séideaḋ anall ó'n ḃfairrge ċun breis luaṫair agus breis fuinniṁ do ċur i n-ár mballaiḃ beaṫaḋ agus breis sprionnaḋ i n-ár gcroiḋṫiḃ. Is suarac le h-áireaṁ na daoine a ċuiṁniġeann ar an méid sin áṁ. Is ró-ḃeag dá ċuiṁneaṁ a ḃíonn ag a ḃfurṁór gur ceart dóiḃ Dia do ṁolaḋ dá ċionn son. Aċt is baoġalaċ naċ é seo an ceann is measa de'n sgéal, ná i n-aon ġiorraċt dó. Is 'mó duine ná fuil ar aigne aige, ag imṫeaċt ó'n mbaile ḋó, aċt srian do sgaoileaḋ le n-a ainṁiantaiḃ, gan pioc binne do ḃeiṫ aige ar ḋliġe Dé aċt an aimsir do ċaiṫeaṁ fá ṡoġaċas agus fá sgléip ar lorg pléisiúir agus aoiḃnis agus ragairne. Ní beag dúinn aċt cuiṁneaṁ ar laiġead a mbuiḋeaċais ar Ḋia ċun gráine do ġaḃáil dóiḃ. Is é ba ċeart dúinn do ḋéanaṁ ná a ṁalairt ar fad de ṁeóin do ḃeiṫ againn. Ba ċeart dúinn cúiteaṁ do ḋéanaṁ i láṫair Dé as coirṫiḃ na ndaoine sin agus buiḋeaċas do ġaḃáil le Dia toisg a áilne do ċruṫuiġ Sé an ṁuir agus an talaṁ agus an spéir agus toisg gur ċuir Sé ar ár gcumas tamall do ċaiṫeaṁ ar ár suaiṁneas ag fáġail sláinte agus misniġ i gcóir na h-oibre a ċuireann Sé i n-áiriġṫe dúinn.

# Luġnasa.

## Fiaċra (an 30aḋ lá).

Ḃíos lá i n-eaglais i nGent, agus ag féaċaint timċeall orm do ċonnacas íomáiġ naoiṁ éigin, agus bláṫanna cúṁra i na timċeall agus coinnli ar lasaḋ ar a aġaiḋ amaċ. Ag dul i na ġoire ḋom cé ḃeaḋ ann aċt Fiaċra. Ní misde a ráḋ go raiḃ áṫas orm clú naoiṁ Ġaeḋealaiġ ḋ'ḟeicsint leaṫta ċoṁ fada son ó ḃaile, mar gurab i Meaux sa Ḟrainnc, ḋá ċéad míle ó'n áit sin, do ċaiṫ sé a ḃeaṫa, aċt do ḃí brón measgaiġte ar an áṫas, mar ṁaċtnuiġeas liom féin ná feaċa riaṁ i nÉirinn leiṫéid d'onóir ḋá ṫaḃairt d'aon naoṁ Ġaeḋealaċ. Do ċonnacas dealḃ nó pictiúir naoiṁ Éireannaiġ ó am go h-am i nÉirinn, aċt do b'é sin an ċéad uair agam coṁarṫa gráḋa agus onóra d'ḟeicsint ḋá ṫaisḃeáint ḋóiḃ. Ḃíonn lá ḟéile Fiaċra againn i mí Luġnasa agus is é mo ṫuairim ná fuil nó gur beag má tá aon duine i nÉirinn a ċuiṁniġeann air. Ar a ṡon son do ḃí onóir agus omós ḋá ṫaḃairt d'Ḟiaċra sa Ḟrainnc ar feaḋ breis agus míle bliaḋan. Do ṫagaidís na daoine 'na sluaiġtiḃ as gaċ áird de'n ríoġaċt ag taḃairt cuairte ar a ṫaise, agus is 'mó míorḃúilt ḋ'oibriġ sé. Nuair ḃí Luġaiḋ XIII. Rí na Frainnce i nguais a ḃáis ó ġalar éigin, do ċuaiḋ Anna a ḃean de ṡiuḃal a cos go dtí Meaux ḋá iarraiḋ ar Ḟiaċra é do leiġeas, agus fuair sí a h-aṫċuinge. Ní raiḃ mac aici leis na bliaḋantaiḃ agus ba ḃeag nar ċuir sí a súil dé nó gur ġuiḋ sí go ḋúṫraċtaċ ċun Fiaċra, agus níor ḃ' ḟada gur ḃronn Dia oiġre uirri. Is 'mó naoṁ Éireannaċ naċ é a ḃfuil a ċlú i n-áirde tar lear agus fiú a ainm imṫiġṫe as cuiṁne sa ḃaile. Duḃairt sgríoḃnóir Laidne, ag teaċt ar na Celtaiḃ ḋó, go raiḃ sé de ḋúṫċas acu faillíġe do ḋéanaṁ ins gaċ rud ḋár ḃain leo féin. Síol na gCeltaí is eaḋ sinne, agus is baoġalaċ gur ṫugamar linn an méid sin dé'n duṫċas uaṫa.

# Meiṫeaṁ an Ḟoġṁair.

## An Bás.

Is mian le gaċ aoinne bás naoṁṫa d'ḟáġail, aċt is beag duine gur mian leis beaṫa naoṁṫa do ċaiṫeaṁ. Tá daoine ann agus tá sé ceapuiġṫe i n-a n-aigne acu sóġ agus sóiġeaċas do ḃaint as an saoġal so le súil go mbeaḋ sé d'uain aca aiṫriġe do ḋéanaṁ san deireaḋ. Ní diċéille go dtí san. Is é deireann na sagairt—agus ba ċóir dúinn cluas do ṫaḃairt le na gcainnt ar méid a dtaiṫiġe—ná gurb annaṁ le fáġail duine a ḋeineann aiṫriġe ar leabaiḋ a ḃáis tar éis droċ-ḃeaṫaḋ peacaṁail do ċaiṫeaṁ. Tagann an ċainnt seo isteaċ go cruinn le foclaiḃ an Easboil. "A ḃráiṫre," ar seisean, "ná bíoḋ aon ċuid dá ṁearaiġe oraiḃ. Ní féidir Dia do ṁeallaḋ. Ní ḃainfiḋ an duine aċt an rud atá curṫa aige. An t-é ċuirfiḋ san ċolainn is é an bás a ḃainfiḋ sé as an gcolainn." Ba leaṁ an gnó d'ḟeirmeóir fiaḋaileaċa do ċur san úir agus annsoin ḃeiṫ ag braṫ ar ċruiṫneaċtainn do ḃeiṫ aige sa ḃfóġṁar. A ḋalta son díreaċ do'n ḃás. Tá bás naoṁṫa agus beaṫa naoṁṫa ceangailte le ċéile, agus nuair ṫuiteann an sgéal amaċ ó am go h-am ar a ṁalairt de ċuma is é mór-ṫrócaire ṁiorḃúilteaċ Dé fá ndeara é. Léiġmíd san Scrioptúir gur ġeall Íosa Críost slánuġaḋ do'n ġadaiḋe ṁaiṫ a ḃí ag fáġail ḃáis ar an gcroiċ i n-a aice. Is é cúis is mó do'n Scrioptúir tráċt ar an ḃfear son ná trócaire Dé do ṫaisbeáint dúinn, aċt is é cúis do'n Scrioptúir gan a leiṫéid sin de ċás do luaḋaḋ linn aċt aon uair aṁáin ná ċun sinn do ċur bun os cionn le baoṫṁuiniġin do ḃeiṫ againn as trócaire Dé. Ba ṁar a ċéile dúinn ḃeiṫ ag braṫ ar ṡiuḃal ar an ḃfairrge mar ḋein Peadar, nó ḃeiṫ ag braṫ ar ḃás an ġadaiḋe ṁaiṫ d'ḟáġail tar éis droċ-ḃéaṫaḋ peacaṁail do ċaiṫeaṁ. Is é lá na sláinte lá an ollṁuċáin i gcóir an ḃáis.

# Deireaḋ an Ḟoġṁair.

## Deaġ-ḃéasa na h-Éireann.

Tá a ḟios againn go léir gur 'mó tír a ḃfuil drúis agus draoisdaċt agus gaċ aon tsaġas droiċ-ḃéasa ag milleaḋ agus ag creaċaḋ na ndaoine ann anois. Is í an Ḟrainnc is mó atá tugṫa do na béasaiḃ náireaċa son aċt ní ḟuil sí puinn níos measa ná Sasana agus Amerioca. Is mór an imniḋe agus an neaṁ-ḟuaiṁneas atá ar na daoiniḃ ciallṁara idir ċléir agus tuaiṫ, i dtaoiḃ an éirliġ seo, agus is minic bailiġeann siad le ċéile ag déanaṁ comairle cé an cuma is fearr ċun cosg do ċur leis. Nuair ḋeineann siad na náisiúin go léir do ċur i gcomórtas le ċéile is í Éire beireann an ċraoḃ léi i gcoṁnuiḋe ó náisiúnaiḃ an domain ar ḋeaġ-ḃéasaiḃ agus go mor-ṁor ar ġeanmnaiḋeaċt na mban. Is mór gan aṁras an t-aḋḃar mórḋála agus maoiḋte ḋúinn an teisteas so, teisteas nár laṁaiġ aoinne, dá mb'iad ár náiṁde féin iad, do ḋiúltuġaḋ ḋúinn. Buiḋeaċas le Dia do ḃuaiḋ Éire ar an ndoṁan san subáilce áluinn seo ó ṫáinig Pádraig anall ċúġainn anuas go dtí an lá indiu. Tá aon ṗonnc aṁáin sa sgéal, áṁtaċ, ar ċeart dúinn imniḋe do ḃeiṫ orrainn i n-a ṫaoḃ. Tá Éire tar éis a litriḋeaċta féin agus a teangaḋ féin do ċur i leaṫ-taoiḃ. Tá sí tar éis leaḃra agus béarla na nGall do ṡolaṫar ċúiċi. Is baoġalaċ ná raġaiḋ a diċéille i n-airde léi. An t-é ḃaineann leis an bpic salóċar é. Cuireann Sasana anall ċúġainn gaċ bliaḋain luaċ na mílte bpúnt de leaḃraiḃ agus de ṗáipéaraiḃ tuilte suas de ṡalaċar agus de sgéaltaiḃ náireaċa aiṫiseaċa. Ní foláir nó tá daoine annso a ċeannuiġeann iad agus a léiġeann iad. Is é príoṁ-ḋualgas aṫar agus máṫar aire ṁaiṫ do ṫaḃairt dá gclainn agus gan leigint dóiḃ beiṫ i gcoṁluadar le droċ-ċuideaċtain. Aċt is gairid le dul orra a ndiċeall mura sgorsann siad iad ar na leaḃraiḃ agus ar na páipéaraiḃ salaċa brocaċa san do léiġeaṁ.

# Saṁain.

## Colmán (an 21aḋ lá).

---

Mar adubart ċeana, is mór an náire agus an aiṫis dúinn na daoine is mó do leaṫnuiġ clú na h-Éireann ar fud an doṁain do ḋearṁad. Rud eile ḋé, is mór atáimid caillte leis seo mar ḟailliġe, mar ní ḟuil aon dream dá bḟuil ar an dtalaṁ ná ar neaṁ is mó coṁaċt ná is mó fonn cuidiġṫe linn ná sluaġ di-áirṁiġṫe naoṁ na h-Éireann. Ba ċóir do léiġṫeoiriḃ an ailt seo leaḃar a dtugtar "Footprints of Erin's Saints" mar ainm air do léiġeaṁ, agus deireaḋ do ċur leis an bḟailliġe náiriġ seo. Tá lá 'le Colmáin (nó Columbanus mar tugtar air san Laidin) againn an mí seo, agus ní misde ḋom focal nó ḋó do raḋ i na ṫaoḃ. Soluíd maiṫ is eaḋ é, i na ṁéon agus i na ṫréiṫiḃ ar ṡean-naoṁaiḃ na h-Éireann. Fear ana-ċráiḃṫeaċ do b'eaḋ é, lán de ṫeas-ġráḋ do Ḋia agus dá ċoṁursain. Fear ana-léiġeanta do b'eaḋ é leis. Ḃí spéis ṁór aige i ngaċ saġas eoluis agus ealaḋan, agus pé áit 'na ndeaċaiḋ sé, do ċuir sé sgoileanna ar bun, mar atá Lucseuil agus Anagré agus Bobbio, ċun eoluis agus cráiḃṫeaċta do leaṫaḋ i na dtimċeall. San Iodáil agus sa bḞrainnc is eaḋ do ċaiṫ sé furṁór a ḃeaṫaḋ, aċt mar sin féin do ċlaoiḋ sé go dlúṫ doċt le béasaiḃ na h-Éireann, agus ba ṁór dá nduaḋ fuair sé. Ḃí bróḋ mór air riaṁ as a ṫír ḋúṫċais. I litir a sgríoḃ sé ċun an Ṗápa dúḃairt sé go maoiḋteaċ mórḋálaċ gur b' í Éire a ṫír féin agus tír a ċoṁpánaċ; ná raiḃ aon Éireannaċ riaṁ i na eiriceaċ ná i na iudaiġeaċ ná i na ṡiosmaḋaċ; agus an creideaṁ a ġlac Éire i dtosaċ ó ċoṁarbaiḃ Ṗeadair gur ċoimniġ sí glan riaṁ é gan smál gan teiṁeal.

# Mí na Nodlag.

## Ollṁúċan i gCóir an Ríoġ.

San ṁí seo tá coraiḋeaċt agus naoi gcéad déag bliaḋan ó ċoin ṫáinig an Leanḃ Íosa ar an saoġal so ċun sinn-ne do ṡáḃáil. Aċt má ṫáinig ní raiḃ aċt doiċeall againn roiṁis. Nuair ṡrois Naoṁ Ióseṗ agus an Ṁaiġdean Ṁuire caṫair na Beiṫile bí sé ag druidim isteaċ san oiḋċe agus bí an aimsir fuar. D'iarradar ar a lán daoine lóistín do ṫaḃairt dóiḃ i gcóir na h-oiḋċe aċt ní raiḃ aon ṁaiṫ dóiḃ ann. Ní raiḃ aċt doiċeall ag gaċ aoinne rómpa. Ba ċuma leis na daoiniḃ saiḋḃre úd beo nó marḃ iad mar bí deallraṁ boċtanais orra. Ag léiġeaṁ an sgéil seo ḋúinn, tagann, níḋ naċ iongnaḋ, fearg agus seirḃtean orainn agus a ráḋ go raḃadar na daoine ċoṁ dúr, ċoṁ doiṫiġearaċ doiċeallaċ son, agus is é adeirimíd linn féin naċ aṁlaiḋ ḃeaḋ an sgéal againne dá mba rud é go mbeiḋmís i na gcás an oiḋċe sin. Ní ḟeadar aṁṫaċ. Bíonn Íosa Críost i gcoṁnuiḋe, agus go mór-ṁór um an dtaca so de'n ḃliaḋain ḋá iarraiḋ orainn é do ġlacaḋ isteaċ i n-ár n-anam i naoṁ-ṡacramaint na h-altórac. Má éitiġmid É naċ é an dálta céadna againn agus ag muinntir na Beiṫilé, agus má ġlacaimíd É agus sinn ar staid an ṗeacaiḋ ṁarḃṫaiġ is seaċt measa an masla agus an tarcuisne a ṫugaimíd Dó ná mar ṫug na daoine aineolasaċa págánaċa son Dó. Dá ḃríġ sin tá sé de ċeangal orainn ár gcroiḋe d'ullaṁúġaḋ i na ċóir, agus é do ġlanaḋ le h-uisge na faoisidíne ó gaċ smál peacaiḋ, agus é do ġoraḋ le téine gráḋa, agus é do ṡoillsiuġaḋ le solus fíor-ċreidiṁ, agus é do ḋeisiuġaḋ le gníoṁártaiḃ aḋarta agus umluiḋeaċta, ionnus nuair ṫiocfaḋ Sé ċúġainn, go mbeaḋ árus coṁnuiġṫe breáġ, té, cluṫṁar aige mura b'ionann as stábla Beiṫile, agus go mbeaḋ áṫas agus aiteall air le linn é ḃeiṫ i n-ár n-uċt, agus go dtiuḃraḋ Sé ḋúinn a ġrásta go fáilteaċ flúirseaċ flaiṫeaṁail.

le fáġail gaċ ráiṫe feasda.

# Timṫiriḋ Croiḋe Neaṁṫa Íosa.

le fáġail i dtosaċ gaċ treas míosa ón Eanair so.

Réal 'san bliaḋain, saor tríd an bpost a luaċ.

## Seanmóin ar Ṗádraig

"Láiṁbeartaċ" do scríoḃ.

Pinginn a luaċ.

## Seosaṁ Ó Callanáin.

N. F. Dégidon do scríoḃ i mBéarla.

D. Ó C.

D'aistrig i nGaeḋilg.

Pinginn a luaċ.

## Beart Geatairí.

Láiṁbeartaċ McCionnaoiṫ, C.I.

Pinginn a luaċ.

LIBRARY
UNIVERSITY OF TORONTO
4 AUG 1976

UNIVERSITY OF TORONTO
VELUT ARBOR ÆVO

From the Library

of

ET
RY

UTL AT DOWNSVIEW
D RANGE BAY SHLF POS ITEM C
39 15 11 05 10 007 3
PRECAT
A23068